



**NBS
EduWORLD**




**Funded by
the European Union**

AN LÍONRA OIDEACHAIS UM RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE (NBS EDUWORLD):

ETIEM agus Iontaisí an Dúlra

CÁS FOGHLAMA



Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Is leis an údar nó na húdair amháin na dearcthaí agus na tuairimí, áfach, agus ní gá go léirítear iontu dearcthaí agus tuairimí an Aontais Eorpaigh ná an Choimisiúin Eorpaigh. Ní féidir freagracht a chur ar an Aontas Eorpach ná ar an údarás deonaithe as na dearcthaí agus na tuairimí sin.

Maidir le NBS EduWORLD:

Is tionscadal de chuid Fís Eorpach é **NBS EduWORLD**, arna chistiú ag an Aontas Eorpach agus arna chomhordú ag European Schoolnet (EUN). Is é cuspóir foriomlán do NBS EduWORLD sochaí atá inniúil ar Réitigh Dhúlra bhunaithe ('NBS') a chothú, chun tacú le haistriú cóir chuig todhchaí inbhuanaithe. Chuige sin, cruthóidh NBS EduWORLD pobal NBS ina n-éascófar sineirgí idir gairmithe a bhíonn ag plé le réitigh dhúlra bhunaithe agus soláthraithe oideachais agus ina n-áiritheofar rochtain éasca saor in aisce ar fhaisnéis agus acmhainní NBS do chách. Tá Cuibhreannas an tionscadail comhdhéanta de 16 comhpháirtí as 13 tír Eorpacha, ar eagraíochtaí a bhfuil fíis acu agus príomhpháirtithe leasmhara i gcúrsaí NBS/oideachais ar fud na hEorpa iad go léir atá ag obair le chéile ar mhaithe le NBS EduWORLD a chruthú, ar pobal é lena ndéantar difríocht.

Cruthaíodh an Cás Foghlama seo le tacaíocht ón nGradam "Scientix: Réitigh Dhúlra bhunaithe san Oideachas", cuid d'Fheachtas Fionnachtana ETIM 2024 - tionscnamh de chuid Scientix agus Life Terra. Is é Scientix an Pobal d'Oideachas Eolaíochta san Eoraip, tionscnamh de chuid European Schoolnet (EUN). Déanann an Coimisiún Eorpach Life Terra a chómhainní trí Chlár LIFE (LIFE19 CCM/NL/001200). Thacaigh NBS EduWORLD leis an nGradam. Arna chistiú ag an Aontas Eorpach. Mar sin féin, is leis an údar/leis na húdair amháin na dearthaí agus tuairimí a chuirtear in iúl agus ní gá go léirítear leo dearthaí agus tuairimí an Aontais Eorpaigh ná an Choimisiúin Eorpaigh. Ní féidir an fhreagracht a chur ar an Aontas Eorpach ná ar an údarás deonúcháin astu.


**NBS
EduWORLD****Funded by
the European Union**

Foilsítear an Cás Foghlama seo faoin gceadúnas Attribution CC BY.

Tá sé seo agus cuid mhór réiteach dúlra bhunaithe eile in acmhainní oideachais ar fáil i dtaisclann acmhainní NBS EduWORLD: <https://nbseduworld.eu/> agus i dtaisclann Scientix: <https://www.scientix.eu/>.

RÉITIGH DHÚLRABHUNAITHE: CÁS FOGHLAMA

ETIEM agus Iontaisí an Dúlra Le Elena Corina Rogoveanu



Achoimre

Tá an Cás Foghlama seo saincheaptha d'fhoghlaimeoirí 6-9 mbliana d'aois agus é mar sprioc acu a ndáimh leis an dúlra a chur i réim arís agus scileanna ETIEM a chothú trí réitigh dhúlra bhunaithe (NBS). Agus fócas ar aghaidh a thabhairt ar an gcoimhthíos ón domhan nádúrtha atá ag fás i measc leanaí, tá an tionscadal seo in oiriúint chun fiosracht, smaointeoireacht chriticiúil agus comhfhiús comhshaoil a spreagadh. Suite laistigh de thírdhreacha áille Pháirc Náisiúnta Buila Vânturarița (an Rómáin), limistéar atá san áireamh i líonra NATURA 2000¹, tugann na daltaí faoi thuras fionnachtana. Faoi threoir saineolaithe, déanann siad iniúchadh ar bhitheagsúlacht shaibhir na páirce trí thaiscéalaíocht chéadfach agus cuir chuige bunaithe ar fhiosrú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail ceardlanna, imscrúdú ar athruithe séasúir, siúlóidí aireachais lasmuigh, agallaimh le saineolaithe, turais allamuigh, agus imeachtaí feasachta. Teastaíonn dhá chéim thábhachtacha ann chun an Cás Foghlama a chur i bhfeidhm: réamheolas ar choincheapa comhshaoil agus réitigh dhúlra bhunaithe i gcoitinne (céim 1) agus iniúchadh díreach a dhéanamh ar bhitheagsúlacht áitiúil agus ar réiteach dúlra bhunaithe sonracha (céim 2).

Eochairfhocail

ETIEM, réitigh dhúlra bhunaithe, bithéagsúlacht, Páirc Náisiúnta Buila Vânturarița, flóra, fána

¹<https://www.eea.europa.eu/themes/biodiversity/natura-2000/the-natura-2000-protected-areas-network>

Réamhrá

Tá an Cás Foghlama seo bunaithe ar ghníomhaíocht a dhéantar faoi chuimsiú [thionscadal Éiceolaíochtaí Foghlama ETIEM](#), arna chomhordú ag [European Schoolnet](#).

"Is éard atá i Réitigh Dhúlra bhunaithe (NBS) ná "réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, agus a sholáthraíonn tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus eacnamaíocha ag an am céanna agus a chuidíonn chun athléimneacht a thógáil. Tugann réitigh den sórt sin níos mó gnéithe agus próisis de chuid an dúlra agus níos mó gnéithe agus próisis nádúrtha agus gnéithe agus próisis níos éagsúla isteach i gcathracha, tírdhreacha agus muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha a chuirtear in oiriúint go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, ní mór na réitigh dhúlra bhunaithe dul chun tairbhe na bithéagsúlachta agus tacú le soláthar raon seirbhísí éiceachórais."

Foinse: https://research-and-innovation.ec.europa.eu/research-area/environment/nature-based-solutions_en

Ar mhaithe leis an gCás Foghlama seo a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí, moltar do mhúinteoirí a leanas a dhéanamh:

- Breathnú ar an liosta [d'fhoilseacháin faoi réitigh dhúlra bhunaithe a tháinig ón Aontas Eorpach le déanaí](#)
- Foghlaim faoi [chreat GreenComp](#) an Aontais Eorpaigh chun eolas a chur ar inniúlachtaí inbhuanaitheachta agus mar is féidir iad sin a bheith ina gcúnamh do dhaltaí chun scileanna eile a fhorbairt
- Ábhar inspioráide a chuardach [sna Cásanna Foghlama](#) a forbraíodh le linn an Chláir Phíolótaigh maidir le Réitigh Dhúlra bhunaithe a Chomhtháthú san Oideachas (a chistigh an Coimisiún Eorpach agus a chomhordaigh PPMI, i gcomhar le EUN).
- Féach ar [na Cásanna Foghlama](#) a foilsíodh le linn Fheachtas Fionnachtana ETIM 2023, le tacaíocht ó NBS EduWORLD.
- Léamh faoi [Réitigh Dhúlra bhunaithe: Cathracha a chlaohlú, folláine a fheabhsú](#) (atá ar fail freisin mar PDF mionsonraithe).
- Foghlaim tuilleadh faoi réitigh dhúlra bhunaithe trí fhéachaint ar chás-staidéir faoi réitigh dhúlra bhunaithe i dtaisclanna ar nós [NetworkNature](#), [Oppla](#) agus [Urban Nature Atlas](#).
- Teagmháil a dhéanamh le cleachtóirí réiteach dúlra bhunaithe nó eolaithe áitiúla atá ag obair i do cheantar féin (is féidir iad a aimsiú ar [Oppla](#)).
- Leas a bhaint as na seirbhísí ["Ask Oppla"](#) agus [Deasc Chabhrach NetworkNature](#) chun cúnamh a iarraidh i gcás aon cheist theicniúil/eolaíochta maidir le réitigh dhúlra bhunaithe.
- Léamh faoin [gComhaontú Glas don Eoraip](#), comhaontú de chuid an Aontais Eorpaigh, chun tuiscint a chur ar straitéis reatha an Aontais maidir leis an athrú aeráide agus téarnamh i ndiaidh COVID.
- Léamh faoi [Straitéis Bithéagsúlachta 2030](#) ón Aontas Eorpach chun foghlaim faoi na dúshláin atá roimh an Dúlra san Eoraip.

Forléargas

Achoimre

Ábhar

ETIM: Bitheolaíocht (éiceolaíocht, bithéagsúlacht, flóra, fána), Eolaíocht an Domhain (an aimsir, na séasúir, uisce), Matamaitic

Achoimre	
	(tomhas, comhaireamh, geoiméadracht), Innealtóireacht (struchtúir shimplí a dhearadh agus a thógáil), Oideachas Comhshaoil. Teanga (léitheoireacht, scríbhneoireacht, scéalaíocht), Ealaín (líníocht, péintéireacht, ceardaíocht atá spreagtha ag an dúlra a chruthú), Staidéar Sóisialta (éiceolaíocht áitiúil, inbhuanaitheacht).
Dúshlán Shochaíochta NBS	☒ Caighdeán an aeir ☒ Feabhsú bithéagsúlachta ☒ Athléimneacht ó thaobh na haeráide ☒ Sláinte agus folláine ☒ Athghiniúint na talún ☒ Guaiseacha aeráide agus nádúrtha ☒ Bainistiú uisce
Inniúlachtaí GreenComp	Réimse: Luachanna inbhuanaitheachta a chorprú ☒ Meas a léiriú ar inbhuanaitheacht ☒ Ag tacú le cothroime ☒ An dúlra a chur chun cinn Réimse: Glacadh le castacht san inbhuanaitheacht ☒ Smaointeoireacht chriticiúil Réimse: Todhchaí inbhuanaithe a shamhlú ☒ Inoiriúnaitheacht ☒ Smaointeoireacht thaiscéalaíoch Réimse: Gníomhú ar mhaithe le hinbhuanaitheacht ☒ Gníomhaíocht chomhchoiteann ☒ Gníomhaíocht aonair
Aois na ndaltaí	6-9 mbliana d'aois
Am ullmhúcháin	Beidh an t-am ullmhúcháin don Chás Foghlama seo éagsúil ag brath ar chur amach an mhúinteora ar choincheap na réiteach dúlrahunaithe agus ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara éagsúla. Is féidir le tosca amhail líon na ndaltaí atá i gceist agus leibhéal na rannpháirtíochta óna dtuismitheoirí tionchar a imirt ar an bpróiseas ullmhúcháin. D'fhéadfadh thart ar 6-7 uair an chloig a bheith i gceist i meastachán garbh ar fhad an Chás Foghlama.
Am teagaisc	1. An Dúlra Aitheanta - 45 nóim. 2. Bleachtairí na Séasúr. An Fómhar - 120 nóim. 3. Cuir ceist ar an saineolaí! - 45 nóim. 4. Dúshlán Éicinnealtóireachta - 60 nóim. 5. Foghlaim faoi BFF! Bithéagsúlacht, Flóra, Fána - 90 nóim. 6. E ó Thuras le Saineolaí - 4 uair 7. Teacht le Chéile Chaomhnóirí an Dúlra - 90 nóim.

Achoimre	
	Iomlán: 11.5 uair an chloig
Ábhar/ábhair teagaisc ar líne a úsáidfear	1) An Dúlra Aitheanta Físeán nó acmhainn eile ar líne le foghlaim faoi ghnáthóga e.g.: - Habitats: What is a habitat? (<i>Gnáthóga: Cad is gnáthóg ann?</i>) https://www.youtube.com/watch?v=ZrSWYE37MJs 2) Bleachtairí na Séasúir: An Fómhar Físeáin chun tú a threorú trí ghníomhaíocht ióga do pháistí - seisiún aireachais; cluichí; amhráin, e.g.: - Dance for the Sun, https://www.youtube.com/watch?v=0DXMc0WaPws - Mongolfiera Canto e danza per esercizi per bambini Discoteca di yoga per bambini cosmici, https://www.youtube.com/watch?v=dtQ72qRpVVE - Yoga Clock (Tick Tock), https://www.youtube.com/watch?v=s-KI6EZ4k8M Acmhainní chun foghlaim faoi shéasúir atá ag athrú, e.g.: - The science behind: Why Do Leaves Change Colors in the Fall? (<i>An eolaíocht taobh thiar de: Cén fáth a n-athraíonn Duilleoga an Dath san Fhómhar?</i>) https://www.youtube.com/watch?v=Xk4-6II8I5Q 3) Cuir ceist ar an saineolaí Acmhainní chun foghlaim faoi réitigh dhúlra bhunaithe, e.g.: - Físeán faoi réitigh dhúlra bhunaithe ina mínítear cad iad féin, e.g. nasc: https://www.youtube.com/watch?v=TGuyMakgeVw - Físeán faoi réitigh dhúlra bhunaithe agus an tábhacht a bhaineann leo maidir le todhchaí inbhuanaithe a mhúnlú, e.g. nasc: https://www.youtube.com/watch?v=4-unUVfAwsQ - Samplaí de chur i bhfeidhm réiteach dúlra bhunaithe, e.g. nasc: https://nbseduworld.eu/fileadmin/user_upload/Materials/NBSEduWORLD_NBSCards_EA.pdf 4) Dúshlán Éicinnealtóireachta Acmhainní chun foghlaim faoi fhána, e.g.: - All about birds for children (<i>Gach rud faoi na héin do leanaí</i>): https://youtu.be/jF0Id-hH9y4 - How to make the perfect bird bath: (<i>Conas folcadán éan a dhéanamh</i>) https://youtu.be/nYGacDxc0qQ 5) BFF Foghlaim é! Bithéagsúlacht, Flóra, Fána Acmhainní chun foghlaim faoin dúlra agus faoin gcomhshaol mórthimpeall orainn: - NATURA 2000: https://natura2000.eea.europa.eu/

Achoimre	
	- Páirc Náisiúnta Buila Vânturarița: https://buila.ro/
Ábhar/ábhair teagaisc as líne a úsáidfear	1) An Dúlra Aitheanta: Pinn dhaite, gliú 2) Bleachtairí Séasúr: An Fómhar: Málaí Tóraíochta Duilleog agus Graif, mataí ióga, marcóir nó pinn luaidhe 3) Cuir ceist ar an saineolaí: Marcóir nó pinn luaidhe, smeach-chairt, teilgeoir físe, ríomhaire glúine/ríomhaire 4) Dúshlán Éicinnealtóireachta: Cartáin bhainne fholmha, cannaí miotail, sreang nó sreangán, gliú, ábhair cheardaíochta, dathanna teampara nó aicrileacha, marcóirí 5) BFF Foghlaim é! Bithéagsúlacht, Flóra, Fána: Criáin, marcóirí 6) E ó Thuras le Saineolaí: Déshúiligh, gloidíní formhéadúcháin, páipéar, páipéar smeach-chairte, málaí bruscair, fóin chun pictiúir a thógáil 7) Teacht le Chéile Chaomhnóirí an Dúlra: Ríomhaire/ríomhairí glúine.
Acmhainní NBS a úsáidfear	Suíomhanna gréasáin: - BISE-The source of data and information on biodiversity in Europe (<i>Foinse na sonraí agus na faisnéise ar an mbithéagsúlacht san Eoraip</i>): https://biodiversity.europa.eu/ - BISE-An Rómáin: https://biodiversity.europa.eu/countries/romania EUNIS, an Córas Faisnéise Eorpach maidir leis an Dúlra: https://eunis.eea.europa.eu/ - RSPB- A charity for the conservation of birds and nature (<i>Carthanacht do chaomhnú na n-éan agus an dúlra</i>): https://www.rspb.org.uk/ - NATURA 2000: https://natura2000.eea.europa.eu/ - Páirc Náisiúnta Buila Vânturarița: https://buila.ro/ - NGO KOGAYON: http://www.kogayon.ro/ro/ Cás-staidéir: - Forest management in the Carpathian Mountains, Romania (<i>Bainistíocht foraoise i Sléibhte Cairp, an Rómáin</i>): https://oppla.eu/casestudy/17244 - Case study of valuation of ecosystem services (ES) in. Romania (<i>Cás-staidéar ar luacháil seirbhísí éiceachórais sa Rómáin</i>): https://oppla.eu/sites/default/files/uploads/assessment-ecosystems-and-ecosystem-services-romanian-en-250-pg-201117reduced.pdf Ailt: Muntean, L., Mihăiescu, R., Stoican, F., Maloș, C., Baciu, N., Arghiuș, V., ... & Pop, A. (2010). Constraints in Management of Protected Areas (<i>Srianta i mBainistiú Limistéar faoi Chosaint</i>) (Cás-Staidéar: Páirc Náisiúnta Buila-Vânturarița). ProEnvironment/ProMediu, 3(6) nasc: https://journals.usamvcluj.ro/index.php/promediu/article/view/5526 Baineadh úsáid as an Alt le linn an cur i láthair ag an saineolaí le linn an tseisiúin "BFF Foghlaim é! Bithéagsúlacht, Flóra, Fána".

Ceadúnas

Attribution-ShareAlike 4.0 International (CC BY-SA 4.0) Leis an gceadúnas seo ligtear do dhaoine eile do chuid oibre a athmheascadh, a mhionathrú agus forbairt a dhéanamh uirthi, fiú chun críocha tráchtála, fad a luann siad thú agus a cheadúnaíonn siad a saothair nua faoi théarmaí comhionanna. Is é seo an ceadúnas a úsáideann Wikipedia agus moltar é d'ábhair a rachadh sé chun tairbhe dóibh ábhar ó Wikipedia agus tionscadail a cheadúnaítear ar bhealach comhchosúil a chuimsiú iontu.

Comhtháthú sa churaclam

Cuimsítear sa Chás Foghlama ábhair ar féidir iad a chomhtháthú go héasca ar fud réimsí ábhair éagsúla. Cuireann sé gníomhaíochtaí ar fáil atá saincheaptha chun ailíniú le cleachtais teagaisc laethúla de réir caighdeáin churaclaim náisiúnta (na Rómáine) agus na hEorpa araon. Tá na gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil in oiriúint go héasca lena n-úsáid ag múinteoirí i dtíortha éagsúla, go háirithe i bhfianaise ábharthacht na bithéagsúlachta don churaclam. Is féidir an próiseas cur chun feidhme a chur in oiriúint don chomhthéacs áitiúil agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha dhúlra bhunaithe, toisc go leagtar béim go coitianta san oideachas bunleibhéil ar ábhair amhail cosaint an chomhshaoil, flóra, fána, caomhnú uisce agus iniúchadh na bithéagsúlachta.

Aidhm an cheachta

Cuspóirí foghlama do na daltaí:

1. Uirlisí agus modhanna eolaíocha bunúsacha a úsáid chun gnéithe éagsúla den dúlra a iniúchadh agus foghlaim fúthu: éiceachóras, bithéagsúlacht, gnáthóga, flóra áitiúil, agus fána.
2. Dul i mbun gníomhaíochtaí a chuireann smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht agus réiteach nuálach fadhbanna chun cinn, ag spreagadh na ndaltaí chun anailís a dhéanamh ar fheiniméin nádúrtha agus réitigh a mholadh ar dhúshláin san fhíorshaol.
3. Mothú freagrachta agus cúraim don chomhshaol a chothú, ag cur ar chumas na ndaltaí tuiscint a fháil ar a ról maidir le héiceachórais áitiúla a chaomhnú agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn.

Toradh an cheachta

Is é toradh an cheachta na daltaí a chumasú le bheith rannpháirteach go gníomhach i gcaomhnú agus i gcosaint an domhain nádúrtha, agus ag an am céanna a bhfás intleachtúil agus mothúcháinach a chothú trí iniúchadh praiticiúil agus foghlaim ó thaithí.

Treochtaí

Sa Chás Foghlama seo tugtar aghaidh ar na treochtaí oideachais a leanas:

- Foghlaim ETIM: Fócas méadaithe ar ábhair Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, Matamaitice sa churaclam.
- Foghlaim Idirdhisciplíneach: Cur chuige iomlánaíoch a chothú a chomhtháthaíonn disciplíní éagsúla chun iniúchadh a dhéanamh ar fhadhbanna casta san fhíorshaol.
- Foghlaim Tionscadalbhunaithe: Daltaí a mhealladh i dtionscadail phraiticiúla a spreagann foghlaim ghníomhach, fadhbréiteach agus comhar.
- Comharfhoghlaim: Na daltaí a spreagadh chun oibriú le chéile i ngrúpaí, comhar, cumarsáid agus eolas comhroinnte a chothú.
- Foghlaim Dírithe ar na Daltaí: An dalta a chur i lár an phróisis foghlama, teagasc a chur in oiriúint dá riachtanais, spéiseanna agus cumais aonair.

- Smaointeoireacht Chriticiúil agus Anailís: An cumas chun anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a fhorbairt, fianaise a mheas, agus smaoineamh go criticiúil chun cinntí eolasacha a dhéanamh.
- Forbairt Scileanna Cumarsáide: Feabhas a chur ar an gcumas smaointe a chur in iúl go héifeachtach, tuairimí a nochtadh, agus dul i mbun idirphlé fiúntach.
- Oideachas allamuigh: déantar gníomhaíochtaí lasmuigh den seomra ranga.
- Comhtháthú Teicneolaíochta: Ionchorprú uirlisí agus acmhainní teicneolaíochta chun eispéiris foghlama a fheabhsú agus deiseanna oideachais a leathnú.

Scileanna don 21^ú haois

Cuidíonn an Cás Foghlama seo leis na scileanna 21^ú don haois a leanas a fhorbairt:

- Smaointeoireacht agus Anailís Chriticiúil: Téann na daltaí i mbun gníomhaíochtaí ar nós taiscéalaíocht chéadfach, dúshlán maidir le fadhbréiteach, agus fiosrúchán eolaíoch, agus spreagann na nithe sin iad chun smaoineamh go criticiúil ar an domhan nádúrtha agus ar na castachtaí a bhaineann leis. Déanann siad anailís ar fhaisnéis, déanann siad naisc, agus tarraingíonn siad conclúidí, gach ceann acu ina comhpháirt riachtanach den smaointeoireacht chriticiúil.
- Cruthaitheacht: Tugann an tionscadal deiseanna do na daltaí a gcruthaitheacht a chur in iúl trí cheardlanna ealaíne, gníomhaíochtaí códúcháin, agus tionscadail innealtóireachta. Trí bheathadán éan a dhearadh, saothar ealaíne a chruthú atá spreagtha ag an dúlra, agus tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar réitigh ar shaincheisteanna comhshaoil, déanann na daltaí a gcuid scileanna smaointeoireachta cruthaitheacha a fheidhmiú.
- Comhar agus Obair Foirne: Faoi threoir na saineolaithe agus ag obair in éineacht lena gcomhghleacaithe, comhoibríonn na daltaí ar thascanna agus ar thionscadail éagsúla i rith an cheachta. Bíodh siad ag glacadh páirte i siúlóidí aireachais lasmuigh, i mbun agallamh le speisialtóirí, nó i mbun saotharlanna innealtóireachta eolaíochta, foghlaimíonn na daltaí chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, smaointe a roinnt, agus oibriú le chéile i dtreo comhspríocanna.
- Forbairt Scileanna Cumarsáide: Trí obair chomhoibritheach, forbraíonn na daltaí a gcuid scileanna cumarsáide, lena n-áirítear éisteacht, labhairt agus cur i láthair, chun a gcuid smaointe agus torthaí a chur in iúl.
- Feasacht Comhshaoil: Trí iniúchadh a dhéanamh ar bhithéagsúlacht ceantair áitiúil cosúil le Páirc Náisiúnta Buila Vânturarița (an Rómáin) agus trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a leagann béim ar thábhacht chaomhnú an chomhshaoil, forbraíonn na daltaí feasacht mhéadaithe ar shaincheisteanna comhshaoil agus ar a ról maidir le hinbhuanaitheacht a chur chun cinn.

Critéir na Straitéise ETIM

Gnéithe agus critéir	Mar a thugtar aghaidh ar an gcritéar seo sa Chás Foghlama
Teagasc	
<i>Pearsantú na foghlama</i>	Baintear amach pearsantú na foghlama trí ligean do na dhaltáí a gcuid spéiseanna aonair a iniúchadh laistigh de chomhthéacs gníomhaíochtaí atá dúlraibhuanaithe.
<i>Foghlaim fadhb-bhunaithe agus tionscadalbhunaithe</i>	Tugtar dúshlán do na daltaí fadhb áitiúil chomhshaoil a aithint, taighde a dhéanamh ar réitigh, agus oibriú le chéile chun réiteach atá dúlraibhuanaithe a chur i bhfeidhm, a bpróiseas a dhoiciméadú agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama.
<i>Oideachas Eolaíochta Bunaithe ar Fhiosrú</i>	Moltar do na daltaí ceisteanna a chur agus fadhbanna ina bpobal a fhiosrú. Bíonn siad ag gabháil go gníomhach don

Gnéithe agus critéir	Mar a thugtar aghaidh ar an gcritéar seo sa Chás Foghlama
	phróiseas foghlama, rud a nascann an t-ábhar agus an próiseas foghlama leis an saol mór.
Cuir i bhfeidhm curaclaim	
<i>Béim ar thopaicí agus inniúlachtaí ETIM</i>	Trí thaiscéalaíocht phraiticiúil, téann na daltaí i ngleic le coincheapa ETIM i suíomh nádúrtha, rud a thabharfaidh deiseanna chun eolas ETIM a chur i bhfeidhm.
<i>Teagasc idirdhisciplíneach</i>	Leanann an Cás Foghlama seo cur chuige idirdhisciplíneach, a chuimsíonn ábhair ETIM a bhaineann go sonrach leis an mbunoideachas. Ina theannta sin, cuimsíonn sé ábhair nach ábhair ETIM iad amhail teangacha, ealaín, agus an léann sóisialta, agus fócas ann ar an éiceolaíocht áitiúil agus ar an inbhuanaitheacht.
<i>Teagasc ETIM a chur i gcomhthéacs</i>	Sa Chás Foghlama tugtar eispéiris phraiticiúla do na daltaí a thaispeánann gnéithe praiticiúla agus cruthaitheacha de disciplíní ETIEM. Leis an gcur chuige sin cothaítear timpeallacht inar féidir le gach dalta iad féin a fheiceáil mar rannpháirtithe gníomhacha agus mar rannchuiditheoirí leis an bpróiseas foghlama.
Measúnú	
<i>Measúnú leanúnach</i>	Is éard atá i gceist le measúnú leanúnach le linn an tionscadail breathnóireacht leanúnach, measúnuithe foirmitheacha trí thráth na gceist, tascanna feidhmíochta, rúibricí, aiseolas agus machnamh. Cuimsítear ann féinmheasúnú agus piarmheasúnú a éascaítear trí phlé ranga uile.
<i>Measúnú pearsantaithe</i>	Déanfar measúnú pearsantaithe trí mhodhanna éagsúla atá curtha in oiriúint do chonairí foghlama éagsúla, lena n-áirítear measúnú aonair agus measúnú ar obair ghrúpa.
Gairmiúlú foirne	
<i>Gairmithe ardcháilithe</i>	Sa Chás Foghlama seo spreagtar rannpháirtíocht gairmithe ardcháilithe le bheith ina gcomhúdar ar an bpróiseas teagaisc agus foghlama. Tá a gcuid saineolais luachmhar ó thaobh an eolais eolaíoch de, chomh maith le hacmhainní agus tacaíocht ábhartha a chur ar fáil.
<i>Foireann tacaíochta (oideolaíocha) a bheith ann</i>	Moltar múinteoirí ETIM a bheith páirteach chun tacú le cur chuige oideolaíoch topaicí éagsúla.
<i>Forbairt ghairmiúil</i>	Cuirfidh an t-eolas agus na modhanna a bhaineann le hábhair ETIM agus réitigh dhúlra bhunaithe a fhaigheann múinteoirí trí chur i bhfeidhm an Chás Foghlama seo go mór lena bhforbairt ghairmiúil.
Ceannaireacht agus cultúr scoile	
<i>Ceannaireacht scoile</i>	Éascaíonn ceannairí scoile cumarsáid idir múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí, agus comhpháirtithe pobail chun a ról agus a rannpháirtíocht sa tionscadal a chur chun cinn.

Gnéithe agus critéir	Mar a thugtar aghaidh ar an gcritéar seo sa Chás Foghlama
<i>Ardleibhéal comhair i measc na foirne</i>	Spreagann an Cás Foghlama seo ardleibhéal comhair i measc na foirne ó thaobh smaointe a mhalartú, eolas eolaíoch a roinnt, tacaíocht oideolaíoch a sholáthar, agus gníomhaíochtaí a iolrú laistigh den scoil chun feasacht a mhúscailt faoi dhúshlán áitiúla agus réitigh dhúlra bhunaithe is féidir a chur i bhfeidhm.
<i>Cultúr cuimsitheach</i>	Sa Chás Foghlama cuirtear cothromas agus rochtain ar dheiseanna foghlama chun cinn do gach dalta. Cothaíonn sé muintearas agus pobal laistigh den scoil chomh maith.
<i>Naisc</i>	
<i>Le hearnáil na tionsclaíochta</i>	Tacaíonn gairmithe tionscail le heispéiris phraiticiúla, ag tabhairt a bhfiordhúshlán de chineál ETIM, réitigh dhúlra bhunaithe, agus conairí gairme.
<i>Le tuismitheoirí/caomhnóirí</i>	Sa Chás Foghlama seo spreagtar rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i gceardlanna, i ngníomhaíochtaí praiticiúla, agus i dturais allamuigh. Neartaítear lena rannpháirtíocht an nasc idir an baile agus an scoil, ag treisiú thábhacht an oideachais chomhshaoil agus ag déanamh cur chuige iomlánaíoch i leith na foghlama a chur chun cinn.
<i>Le scoileanna agus/nó ardáin oideachais eile</i>	Is féidir le múinteoirí dul i gcomhar le scoileanna eile chun aghaidh a thabhairt ar an gcoimhthíos atá ag fás sna daltaí leis an dúlra agus chun réiteach dhúlra bhunaithe a bhaineann le fadhbanna a bhfírinne áitiúla a chur i bhfeidhm. Mar thoradh air sin beidh cur chuige níos éifeachtaí ann i leith oideachas comhshaoil, toisc gur féidir peirspictíochtaí agus acmhainní éagsúla a ghiairíl chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán choitianta.
<i>Le hollscoileanna agus/nó ionaid taighde</i>	Is féidir le haoi-léachtaí i réimse an oideachais agus na cumarsáide comhshaoil, chomh maith le speisialtóirí in eolaíocht na beatha, tacú leis na ceardlanna a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus leis na héiciréigiúin.
<i>Le pobail áitiúla</i>	Éilítear leis an mbailiúchán gníomhaíochtaí laistigh den Chás Foghlama seo mórchomhar le pobail áitiúla, lena n-áirítear eagraíochtaí/institiúidí comhshaoil, leabharlanna, ionaid turasóireachta, ionadaithe ó shuíomh nádúrtha áitiúil (mar shampla Páirc Náisiúnta Buila Vânturarița sa Rómáin), agus ionadaithe eagraíochtaí neamhrialtasacha.
<i>Bonneagar na scoile</i>	
<i>Rochtain ar theicneolaíocht agus ar threalamh</i>	Tá gá le nasc idirlín, ríomhaire agus ardán agus uirlisí oideachais éagsúla chun na gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm go rathúil.
<i>Ábhair ranga teagaisc ardchaighdeán</i>	Tá ábhair teagaisc ar ardchaighdeán sa seomra ranga tábhachtach chun eispéiris éifeachtacha teagaisc agus foghlama a éascú. Ba chóir na hábhair sin a roghnú go cúramach chun ailíniú le cuspóirí foghlama, na daltaí a mhealladh, agus foghlaim bunaithe ar fhiosrú a chur chun cinn: téacsleabhair, láimhseoga praiticiúla, acmhainní ilmheán, trealamh saotharlainne, agus uirlisí digiteacha. Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh na hábhair sin inrochtana, ábhartha ó thaobh na heolaíochta de agus cuimsitheach chun freastal ar riachtanais éagsúla gach foghlaiméora sa seomra ranga.

Gníomhaíochtaí

Ainm na gníomhaíochta	Nós imeachta	Am
Céim 1		
Buneolas ar Choincheapa Comhshaoil: An Dúlra Aitheanta	I gcéim tosaigh an tionscadail, tá na gníomhaíochtaí deartha chun cabhrú leis na daltaí coincheapa bunúsacha comhshaoil a thuiscint. Trí ghníomhaíochtaí tarraingteacha, gheobhaidh na daltaí tuiscint ar choincheapa amhail bithéagsúlacht agus réitigh dhúlra bhunaithe. Tobsmainteoireacht: Cén rud é an dúlra? 1. Tosaigh le seisiún tobsmaointeoireachta ag fiafraí de na daltaí, "Cén rud é an dúlra?" Spreag iad chun a gcuid tuairimí agus smaointe faoin domhan nádúrtha a roinnt. D'fhéadfaí an méid a leanas a bheith mar cheisteanna treorach: • Cad air a smaoiníonn tú nuair a chloiseann tú an focal "dúlra"? • An féidir leat roinnt rudaí a fheiceann tú taobh amuigh atá mar chuid den dúlra a ainmniú? • Cad iad na cineálacha plandaí atá ar eolas agat? An féidir leat iad a ainmniú? • An maith leat a bheith ag breathnú nó ag spraoi le hainmhithe? Cad iad na hainmhithe atá ar eolas agat? • Cad a tharlaíonn sa spéir i rith an lae? Cad a tharlaíonn sa spéir san oíche? • Conas a athraíonn an dúlra le linn na séasúir éagsúla? • Cad a theastaíonn ó phlandaí agus ó ainmhithe, dar leat, chun maireachtáil agus fás? • Cén fáth a gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach aire a thabhairt don dúlra? Pléigh a gcuid freagraí agus iarr ar na daltaí páirt a ghlacadh i "dTaispeántas Dúlra" (Iarscríbhinn 1). Chuige sin, cuir grianghraif éagsúla os comhair na ndaltaí ina ndírítear ar ghnéithe éagsúla den dúlra (ainmhithe, plandaí, tírdhreacha, etc.) agus iarr orthu breathnú orthu agus tuairimí a thabhairt orthu. Ar an mbealach sin bíonn deis ag na daltaí idirghníomhú leis na hábhair agus an méid ar bhreathnaigh siad air a phlé leis na daltaí sa rang. Obair ghrúpa: Foghlaim faoin gcomhshaoil Insint do na daltaí faoi choincheap na ngnáthóg trí fhíseán nó acmhainn chomhchosúil, e.g.: • Gnáthóga: Cad is gnáthóg ann? Tosaigh trí cheisteanna a chur chun a spéis a mhúscailt. Mar shampla, "Ar smaoinigh tú riamh faoi cén áit ina mbíonn cónaí ar ainmhithe?", "An dóigh leat go gcónaíonn iasc agus tíogar san áit chéanna?" nó "Díreach mar atá áit chónaithe againne, an gceapann tú go bhfuil áit speisialta ag plandaí freisin ina gcónaíonn siad?" etc.	45 nóim.

Ainm na gníomhaíochta	Nós imeachta	Am
	Tabhair grianghraif dá gcomhshaol glas do na daltaí, lena n-áirítear iad siúd a úsáideadh chun an taispeántas Dúlra a chruthú sa chéim roimhe seo, agus iarr ar na daltaí iad a ghearradh agus colláis a chruthú leis na gnáthóga (Iarscríbhinn 2). <i>Nóta do na múinteoirí:</i> Ag brath ar an am atá ar fáil don cheacht, is féidir leis na daltaí pictiúir atá réidh le húsáid a tharraingt nó a ghearradh amach, ar féidir leo iad a úsáid chun pictiúir a chruthú. De rogha air sin, is féidir leis na daltaí uirlisí ar líne cosúil le Padlet nó Wakelet a úsáid chun an cholláis a chruthú. Comhroinnt grúpa: Déan machnamh ar na torthaí Tabhair am do gach grúpa na roghanna a rinne siad ina gcolláis a phlé agus an fáth ar roghnaíodh gnéithe áirithe. Déan comhar agus roinnt a gcuid smaointe a spreagadh laistigh de na grúpaí. Tabhair cuireadh do gach grúpa a gcolláis, machnaimh agus léargais a roinnt leis an rang ar fad. Fiafraigh de na daltaí conas a mhothaigh siad agus iad ag obair ar an gcolláis. Déan achoimre ar an bpríomhfhoghlaim ón machnamh agus léirigh meas don chruthaitheacht agus don iarracht a chuireann na daltaí isteach ina gcuid colláisí. Ar deireadh, tarraing aird na ndaltaí ar phríomhthorthaí foghlama na gníomhaíochta seo (tacaíonn feasacht ar ghnéithe éagsúla atá le fáil sa dúlra, timpeallachtaí éagsúla a aithint le beathachruthanna éagsúla etc.) agus tarraing aird ar aon phríomhfhocail a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do na daltaí sna gníomhaíochtaí amach anseo (an dúlra, an comhshaol, speicis, ainmhithe, plandaí, tírdhreacha, gnáthóg talún, gnáthóg uisce).	
Bleachtairí na Séasúr: An Fómhar	An scéal Don ghníomhaíocht seo, léigh scéal a dhíríonn ar cheann de na séasúir. Inár gcás féin d'úsáid muid "Finscéal an Fhómhair" (féach Iarscríbhinn 3). Léigh an scéal do na daltaí agus ansin treoraigh plé faoi na carachtair agus na ceachtanna a foghlaimíodh. "Tóraíocht Datha Duilleog" Tar éis an scéal a chríochnú, mínigh do na daltaí go rachaidh siad ar "Thóraíocht Datha Duilleog" chun áilleacht dhathanna na nduilleog a aimsiú le linn shéasúr an fhómhair. Tabhair amach mála plaisteach trédhearcach, ar cheangail tú bileog leis le dathanna na nduilleog agus tabhair marcóir nó peann luaidhe daite do gach dalta ionas gur féidir leo an bhileog a chomhlánú (Iarscríbhinn 4). Le linn na siúlóide bíonn ar na daltaí duilleoga a bhailiú agus iad a chur sa mhála plaisteach a chuirtear ar fáil. Mínigh dóibh breathnú ar an dúlra agus ar chomharthaí/tréithe an fhómhair mar a luaitear san fhinscéal. Tabhair chun suntais an tábhacht a bhaineann lena láimhseáil go cúramach agus gan cur isteach ar an timpeallacht nádúrtha. Seisiún Aireachais: Ag nascadh leis an dúlra. Iarr ar na daltaí luí síos ar mhataí ióga agus dean plé achomair ar na breathnóireachtaí a rinneadh le linn na siúlóide. Ansin inis	2h

Ainm na gníomhaíochta	Nós imeachta	Am
	dóibh go leanfaidh siad an teagascóir ióga le haghaidh turas difriúil le cur leis an ngníomhaíocht taiscéalaíochta dúlra. De réir mar a luíonn na daltaí síos ar a mataí ióga, treoraíonn an teagascóir iad go séimh trí shraith cleachtaí suaimhnis agus láraithe. Le linn an turais seo, cinntigh sábháilteacht na bpáistí le linn na siúlóide dúlra agus cuir an seisiún ióga in oiriúint d'aois agus do chumas na ndaltaí. Mura bhfuil teagascóir ióga ar fáil, is féidir leat sampla de struchtúr na céime seo a leanúint tú féin (Iarscríbhinn 5). Ina theannta sin, tacaigh leis an seisiún aireachais le hacmhainní ar nós: - Dance for the Sun - Hot air ballooning - Yoga Clock (TikTok) Tar éis do na daltaí an seisiún aireachais a dhéanamh, fiafraigh díobh níos mó faoina n-eispéiris, conas a mhothaigh siad le linn an tseisiúin aireachais agus cad é an taitneamh is mó a bhain siad as etc. agus ag an am céanna déan cinnte de go labhrann gach dalta ar an eispéireas a bhí acu féin. Plé: Athruithe an Fhómhair Fill ar an seomra ranga agus abair le gach dalta na duilleoga a bhailigh siad a chur in ord agus in eagar agus iad a shocrú i ngrúpaí dathanna éagsúla. Treoraigh na daltaí chun barraghráf nó léaráid a chruthú i dteannta a chéile, ag sannadh datha do gach barra agus ag léiriú líon na nduilleog a bailíodh le haghaidh gach datha. Déan anailís ar na torthaí agus cuir tús leis an bplé faoi na hathruithe sa dúlra le linn an fhómhair. Mínigh an eolaíocht atá taobh thiar den athrú ar dhathanna na nduilleog trí fhíseán ar nós Why do leaves change colour in the fall? (<i>Cén fáth a n-athraíonn duilleoga dath san fhómhar?</i>), agus iarr ar na daltaí labhairt ar a gcuid smaointe féin air sin. Déan achoimre ar na bpríomhfhoghlaim (tuiscint a fháil ar shéasúr an fhómhair agus ar an bpróiseas eolaíoch atá taobh thiar den athrú datha ar na duilleoga, iad a nascadh le timthriall nádúrtha na séasúir etc..) chomh maith le roinnt eochairfhocal (fómhar, dúlra, comhshaol, duilleoga, aireachas). Nóta do na múinteoirí: Tá 4 chuid sa ghníomhaíocht seo. Is féidir leis na múinteoirí dul ar aghaidh leis na céimeanna a mholtar a chur in oiriúint don séasúr atá i gceist. Tá sé i gceist leis an ngníomhaíocht cur le feachtas agus tuiscint na ndaltaí ar athruithe ina dtimpeallacht nádúrtha de réir an tséasúir.	
Cuir ceist ar an saineolaí	Sa ghníomhaíocht seo bainfidh na daltaí tairbhe as agallamh a chur ar shaineolaí i réimse na réiteach dúlra bhunaithe. Ullmhúchán ar scoil Tabhair réamheolas do na daltaí faoi choincheap na réiteach dúlra bhunaithe, an ról atá acu sa dúlra, an tábhacht a bhaineann leo maidir le feabhsú na bithéagsúlachta trí fhíseáin nó acmhainní agus roinnt samplaí de réitigh dhúlra bhunaithe, mar shampla:	45 nóim.

Ainm na gníomhaíochta	Nós imeachta	Am
	- What Are Nature-based Solutions? (<i>Cad iad réitigh dhúlra bhunaithe?</i>) - The future we can and must chose: nature-based solutions (<i>An todhchaí is féidir linn agus ba cheart dúinn a roghnú: réitigh dhúlra bhunaithe</i>) - NBS cards (<i>cártaí réiteach dúlra bhunaithe</i>) Acmhainní tírshonracha, e.g. don Rómáin: - Saving Romania's primary forests (<i>Foraoiseacha príomhúla na Rómáine a shábháil</i>) - Bears endanger our lives' In Romania (<i>Cuireann béir ár saol i mbaol sa Rómáin</i>) Nóta do na múinteoirí: Roghnaigh acmhainní bunaithe ar na dúshláin chomhshaoil atá roimh an bpobal chun coincheap na réiteach dúlra bhunaithe a thabhairt isteach. Chomh maith leis sin déan coincheap na réiteach dúlra bhunaithe a chur in oiriúint agus samplaí a chur i láthair ar bhealach atá aoisoiriúnach. Leis an gcéim seo treorófar na daltaí chun ceisteanna ábhartha a chur ar an saineolaí. Ullmhúchán sa bhaile Tabhair spreagadh do na daltaí chun leanúint ar aghaidh leis an aistear réiteach dúlra bhunaithe seo sa bhaile. Cuir de chúram orthu an méid atá foghlamtha acu a roinnt lena dteaghlaigh agus plé a dhéanamh leo. Is é an sprioc atá acu ná teacht ar cheisteanna ar mhaith leo a chur ar an saineolaí faoi réitigh dhúlra bhunaithe agus faoin mbithéagsúlacht agus iad a phostáil le cabhair a dtuismitheoirí in ardán ar nós Ideaboardz. Cuir comhairle ar na daltaí chun na ceisteanna a choinneáil simplí agus díreach, ag díriú ar ábhair cosúil le hainmhithe, plandaí, agus gnáthóga, á nascadh leis na dúshláin atá roimh do phobal áitiúil agus le réitigh atá spreagtha ag an dúlra a d'fhéadfaimis a úsáid. Mar ullmhúchán don agallamh taispeáin gach ceist ar chlár bán nó ar chairtpháipéar ionas gur féidir leis na daltaí tagairt a dhéanamh dóibh agus spreag na daltaí chun cleachtadh a dhéanamh ar a gceisteanna a chur os ard ar mhaithe le soiléireacht agus muinín a chinntiú. Agallamh Cuir tús leis an gceacht tríd an saineolaí a chur in aithne do na daltaí. Mínigh go bhfuil eolas speisialta ag an saineolaí faoi phlandaí, ainmhithe, agus an comhshaol agus conas is féidir réitigh dhúlra bhunaithe a úsáid chun cabhrú leo. Roinn cúla gairid faoi obair agus faoi shaineolas an tsaineolaí, ag baint úsáid as teanga atá éasca do leanaí óga a thuiscint. Spreag na daltaí chun éisteacht go cúramach agus ceisteanna a chur chun tuilleadh eolais a fháil faoin dúlra. Le linn an agallaimh leis an saineolaí, forbróidh na daltaí meas níos doimhne ar an	

Ainm na gníomhaíochta	Nós imeachta	Am
	mbithéagsúlacht agus ar iontais an dúlra. Beidh deis acu freisin scileanna cumarsáide a chleachtadh agus dul i mbun idirphlé fiúntach le saineolaí sa réimse. Cur i láthair grúpa agus Léargais a roinnt Tar éis an agallaimh, bailigh na daltaí le chéile le haghaidh seisiún machnaimh agus plé. Iarr ar na daltaí labhairt ar an méid a d'fhoghlaim siad ón saineolaí agus ar an gcuid ab fhearr leo den agallamh. Déan plé a éascú faoi thábhacht na bithéagsúlachta agus conas is féidir linn plandaí agus ainmhithe a chosaint inár dtimpeallacht trí úsáid a bhaint as réitigh dhúlra bhunaithe. Tabhair an ghníomhaíocht chun críche trí achoimre a dhéanamh ar phríomhphointí ón agallamh (tuiscint ar na mbithéagsúlacht, ar ghnáthóga agus ar éiceachórais, oiriúnuithe a iniúchadh, idirspéachas a aithint, tábhacht réiteach dúlra bhunaithe) agus béim á leagan ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim faoin dúlra agus faoin mbithéagsúlacht. Ina theannta sin, mar an gcéanna leis na gníomhaíochtaí eile a rinne na daltaí, coinnigh súil ar phríomhfhocail áirithe a tháinig aníos (an bhithéagsúlacht, gnáthóga, éiceachórais, oiriúnuithe, idirspéachas, caomhnú, réitigh dhúlra bhunaithe).	
Dúshlán Éicinnealtóireachta	Sna gníomhaíochtaí praiticiúla seo, déanfaidh na daltaí beathadáin éan agus folcadáin éan a dhearadh agus a thógáil a chuirfidh compord agus cothú ar fáil do na héin. Beathadáin Éan Tosaigh le plé faoi thábhacht na n-éan in éiceachórais agus na buntáistí a bhaineann le beathadáin a chur ar fáil dóibh. Tabhair chun suntais tionchar éiceolaíoch na gníomhaíochta, na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann don bhithéagsúlacht agus do chaomhnú an chomhshaoil chomh maith le gné láidir na réiteach dúlra bhunaithe a bhaineann leo. Is féidir físeán nó acmhainn chomhchosúil a úsáid chun tacú leis sin, e.g.: - All About Birds for Children: Animal Learning for Kids - FreeSchool Cuir dathanna teampara nó aicrileacha agus scuaba péinteála ar fáil do na daltaí. De rogha air sin, agus chun tuiscint na ndaltaí ar réitigh dhúlra bhunaithe a chinntiú tuilleadh, luaigh cineál truaillithe na n-ábhar sin agus cuir datháin nádúrtha ar fáil do na daltaí ina ionad sin. Ansin, tabhair dúshlán dóibh na cartáin bhainne agus na cannaí miotail a phéinteáil trí bheith ag obair i ngrúpaí. Ba chóir na rudaí a phéinteáil go hiomlán. Lig don phéint triomú go hiomlán sula mbogtar ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile agus ag an am céanna déan na daltaí a mhealladh chun a fháil amach conas éin a bheathú de réir an tséasúir agus an tábhacht a bhaineann leis sin. Mínigh freisin an difríocht idir éin a bheathú in aice lena dtithe agus san fhiántas. Ansin, spreag na páistí chun a samhlaíocht agus a gcruthaitheacht a úsáid chun a gcartáin bhainne agus cannaí	60 nóim.

Ainm na gníomhaíochta	Nós imeachta	Am
	miotail a mhaisiú. Is féidir leo páipéar daite, cleití, péirí súl guagacha, agus ábhair cheardaíochta eile a úsáid chun a gcuid beathadán a phearsantú. Cuidigh leis na leanaí de réir mar is gá, ag cabhrú leo ábhair a ghearradh agus a ghreamú go sábháilte ar a mbeathadán éan, chun poill a pholladh in aice le barr a mbeathadán, ag cruthú dóigh lena gcrochadh. Folcadáin Éan Mínigh do na daltaí go dteastaíonn uisce ó éin le hól agus le dul ag snámh ann. Baineann tábhacht ar leith le huisce i rith an gheimhridh nuair a d'fhéadfadh soláthairtí nádúrtha a bheith reoite agus nuair a bhíonn aimsir thirim, the ann i rith an tsamhraidh féadfaidh sé a bheith deacair orthu teacht ar uisce. Níl faireoga allais ag éin, agus mar sin teastaíonn níos lú uisce uathu ná mar a theastaíonn ó mhamaigh. Mar sin féin, cailleann siad uisce tríd an riospráid agus ina gcac. Mínigh freisin go gcaithfidh éin iad féin a chur i mbaol agus nuair a lúbann siad síos chun súimín uisce a ól. Is mó fós a bhíonn siad i mbaol nuair a bhíonn siad á bhfolcadh féin, mar go mbíonn a gcleití fliuch leis an uisce, agus cuireann fuaim an steallta creachadóirí in aice láimhe san airdeall. In ainneoin an bhaoil, ní mór dóibh folcadh a dhéanamh, nó beidh a gcuid cleití salach agus gliobach. Is iontach an rud é folcadán éan ceart a chur ar fáil le haghaidh fiadhúlra sa ghairdín, nó tá sé ar cheann de na rudaí is mó a thabharfaidh sásamh duit freisin. Sa chéim seo úsáid freisin láithreáin ghréasáin ina bhfuil faisnéis agus treoir ábhartha, mar shampla an Cumann Ríoga um Chosaint Éin (RSPB), le hinspioráid a thabhairt duit. Déan folcadán éan iontach sa bhaile Sula n-imíonn na daltaí abair leo go mbeidh na folcadáin éan á ndéanamh sa bhaile lena dtuismitheoirí. Inis dóibh nár chóir go dtógfadh sé sin an iomarca ama (1-2 uair an chloig) agus tabhair treoracha dóibh chomh maith. Ina theannta sin, taispeáin an físeán seo do na daltaí chun a thaispeáint dóibh conas é a dhéanamh céim ar chéim, e.g.: How to make the perfect bird bath RSPB Nature on Your Doorstep (<i>Conas an folcadán éan is fearr a dhéanamh</i>) Inis do na daltaí go bhféadfaí seanbhabhla nó pota cócaireachta a aimsiú le húsáid mar fholcadán éan. Nó spreag na daltaí chun rud éigin nach dteastaíonn a thuilleadh a uaschúrsáil. Inis dóibh go mbeidh rud an-éadomhain ar a bhfuil taobhanna le fána iontach oiriúnach le haghaidh folcadán éan, doimhneacht uasta suas le 10cm nó mar sin, é chomh leathan agus is féidir, go hidéalach níos mó ná 30cm. Ar deireadh, inis do na daltaí nuair a aimsíonn siad suíomh oiriúnach sa ghairdín ina mbeidh na héin sábháilte agus iad in ann gach rud a fheiceáil, gur chóir dóibh uisce (ó sconna nó uisce báistí) a chur leis agus é a choinneáil glan. Nuair a bhíonn gach rud socraithe abair leo grianghraf a ghlacadh, le tabhairt isteach sa rang agus ansin spreag iad chun a gcuid smaointe a roinnt leis an rang ar fad. Cur i láthair grúpa agus Léargais a roinnt	

Ainm na gníomhaíochta	Nós imeachta	Am
	Cruinnigh na páistí le chéile agus cuir tús le plé a ligfidh dóibh machnamh a dhéanamh ar an ngníomhaíocht. Cuir ceisteanna orthu ar nós: "Conas a mhothaíonn tú faoi bheith ag cabhrú leis na héin?" agus "Cad é an chuid ab fhearr leat faoin mbeathadán éan a dhéanamh?" Leag béim ar an tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt don chomhshaoil agus ar an gcaoi ar féidir le rudaí beaga cabhrú leis an dúlra, amhail beathadán éan agus folcadán éan difríocht mhór a dhéanamh. Arís eile, bailigh príomhthorthaí na gníomhaíochta seo (an tionchar éiceolaíoch a bhaineann le tacú le daonra na n-éan a thuiscint) agus roinnt príomhfhocail le haghaidh tagartha amach anseo (éin, gnáthóg éan, beathadán, cosaint an chomhshaoil, réitigh dhúlra bhunaithe) Nóta do na múinteoirí: Tá baint ag an ngníomhaíocht seo le gníomhaíocht "E ó Thuras le Saineolaí". Crochfar na beathadán éan go háirithe le linn an turais allamuigh i suíomh náisiúnta, mar shampla Páirc Náisiúnta Buila-Vânturarița (An Rómáin).	
Céim 2		
Bithéagsúlacht áitiúil agus réitigh dhúlra bhunaithe ar leith a thaiscéaladh BFF Foghlaim é! Bithéagsúlacht, Flóra, Fána	Ag tógáil ar an mbunéolas a bunaíodh sa chéad chéim, athraíonn an fócas anois i dtreo iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht áitiúil agus ar speicis faoi chosaint. Beidh deis ag na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar shuíomh nádúrtha áitiúil - i gcás na Rómáine, chun iontais nádúrtha Pháirc Náisiúnta Buila-Vânturarița a fheiceáil, ag féachaint caol díreach ar na héiceachórais éagsúla atá inti. Foghlaimíodh siad faoin gcaoi a bhfuil ról tábhachtach ag réitigh dhúlra bhunaithe i gcaomhnú an chomhshaoil, ag nascadh eolas teoiriciúil le feidhmeanna praiticiúla. Cur i láthair ó Shaineolaí Tabharfaidh saineolaí ón suíomh roghnaithe, e.g., Páirc Náisiúnta Buila-Vânturarița sa Rómáin, ceardlann. Tosaíonn an saineolaí trí fhorléargas a sholáthar ar Pháirc Náisiúnta Buila-Vânturarița agus ar a hainmniú mar láithreán Natura 2000, ag míniú a thábhachtaí atá sé an bithéagsúlacht a chaomhnú agus gnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht Eorpach ag baint leo a chosaint. Leanann an saineolaí ar aghaidh le plé a dhéanamh ar thábhacht éiceolaíoch gach gnáthóige agus ar an ról atá acu chun tacú leis an mbithéagsúlacht agus soláthraítear faisnéis faoi gach speiceas, lena n-áirítear a saintréithe fisiceacha, a roghanna gnáthóige, aiste bia, agus stádas caomhnaithe. Spreag na daltaí chun ceisteanna a chur agus páirt a ghlacadh i bplé faoin speiceas atá i gceist. Gníomhaíochtaí praiticiúla Úsáideann na daltaí léarscáileanna, pictiúir, agus léaráidí chun foghlaim faoi na gnáthóga éagsúla atá le fáil sa suíomh roghnaithe, e.g. Páirc Náisiúnta Buila-Vânturarița. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar fhána agus flóra an cheantair, déanfaidh na daltaí a gcuid líníochtaí a tharraingt agus a mheaitseáil de réir an Teimpléid Flóra agus Fána (Iarscríbhinn 6). Imreoidh siad an	90 nóim.

Ainm na gníomhaíochta	Nós imeachta	Am
	Cluiche Boird (Iarscríbhinn 7) freisin agus aithneoidh siad loirg ainmhithe (Iarscríbhinn 8).	
E ó Thuras le Saineolaí	Eagraítear an ghníomhaíocht seo i gcomhar le saineolaithe ón suíomh áitiúil, e.g., Páirc Náisiúnta Buila Vânturarița (An Rómáin), le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí. Cuireann riarachán na páirce áitiúla ábhair eolais agus tacaíocht ar fáil. Is é aidhm an turais allamuigh iniúchadh a dhéanamh ar bhithéagsúlacht áitiúil agus ar réitigh dhúlra bhunaithe shonracha. Breathnaíonn na daltaí ar an bhfiadhúlra ina ngnáthóg nádúrtha, aithníonn siad loirg ainmhithe, agus foghlaimíonn siad faoi oiriúnuithe uathúla plandaí agus ainmhithe sa pháirc. Chomh maith leis sin, faigheann siad amach conas a chuireann réitigh dhúlra bhunaithe, amhail athchóiriú gnáthóg agus bainistiú inbhuanaithe talún, le caomhnú an chomhshaoil trí iniúchadh a dhéanamh ar mhúsaem áitiúil, e.g., Iarsmalann Anaclann Dúlra Trovanților Costesti (an Rómáin). Crochtar in airde na beathadáin a dearadh sa chéad chéim den Chás Foghlama le linn an turais allamuigh freisin. Chuige sin, cruthaíonn na daltaí agus na tuismitheoirí foirne agus glacann siad ról éagsúla chun an pháirc a thaiscéaladh: - Taiscéalaithe Bithéagsúlachta Téann na daltaí ar shiúlóid dúlra agus tugtar seicliosta dóibh. Is é an tasc atá acu ná plandaí agus ainmhithe éagsúla a lorg agus na cinn a aimsíonn siad a mharcáil ar an seicliosta. - Maoir Pháirce Oibríonn na daltaí le chéile chun bruscar a phiocadh suas feadh an chosáin agus a bhailiú i málaí bruscair. - Bleachtairí an Dúlra Beidh <i>na daltaí</i> ag cuartú loirg ainmhithe cosúil le loirg na gcos nó neadacha. Úsáidfí siad speaclaí formhéadúcháin chun scrúdú a dhéanamh ar na plandaí agus glacfaidh siad grianghraif de rudaí suimiúla a aimsíonn siad. Faisnéis ó gach Grúpa Tar éis iniúchadh a dhéanamh, roinneann gach foireann a gcuid tuairimí agus torthaí le gach duine. Cabhraíonn sé sin le gach duine foghlaim óna chéile agus tuiscint níos fearr a fháil ar bhithéagsúlacht na páirce. Tá físeán den turas allamuigh le fáil in Iarscríbhinn 9.	4h
Teacht le Chéile Chaomhnóirí an Dúlra	Tá sé mar aidhm ag an ngníomhaíocht seo torthaí an tionscadail a scaipeadh agus feasacht a scaipeadh laistigh de phobal na scoile. Soláthraíonn ionadaithe ón suíomh áitiúil roghnaithe, e.g., Páirc Náisiúnta Buila Vânturarița (an Rómáin) saineolas agus léargas le linn an imeachta. Cuireann na daltaí a gcuid oibre i láthair trí chuir i láthair, trí thaispeántais, agus trí ghníomhaíochtaí idirghníomhacha, rud a thugann deis do ranganna eile laistigh de phobal na scoile dul i ngleic leis na tionscadail agus foghlaim ó eispéiris a bpiaraí.	90 nóim.

Measúnú

Tá an measúnú thar a bheith luachmhar do na daltaí agus do na múinteoirí araon, toisc go gcothaíonn sé feabhas ar phróisis foghlama na ndaltaí agus go gcabhraíonn sé le múinteoirí gníomhaíochtaí amach anseo a shaincheapadh chun freastal go héifeachtach ar riachtanais foghlama na ndaltaí. I bhfianaise aois na ndaltaí, is iad na measúnuithe ó bhéal an príomhmhodh a úsáidfear.

Maidir le measúnú foirmitheach, cuirfear cluichí agus bileoga oibre ar fáil. Déanfar plé iarghníomhaíochta chun tuiscint na ndaltaí ar an ábhar a mheas. Cuirfidh na daltaí a gcuid smaointe agus machnaimh in iúl trí líníochtaí nó scéalaíocht. Tarraingeoidh siad pictiúir a bhaineann leis an gceacht nó déanfaidh siad scéal a insint bunaithe ar a n-eispéireas, rud a ligfidh dóibh dul i ngleic go cruthaitheach leis an eolas. Spreagfaidh an múinteoir na daltaí chun a gcuid smaointe a chur in iúl agus aiseolas a thabhairt ar na gníomhaíochtaí.

Beidh breathnóireachtaí agus plé leis na daltaí agus le baill teaghlaigh i gceist le measúnú suimitheach den chuid is mó.

Tugtar sampla de thráth na gceist in [Iarscríbhinn 10](#).

Aiseolas na ndaltaí

Chomh maith leis na modhanna atá luaite, beidh deis ag na daltaí aiseolas a thabhairt agus páirt a ghlacadh i bplé faoi na ceachtanna trí ghníomhaíochtaí idirghníomhacha ar nós:

- Bileog Aiseolais tar éis gach gníomhaíochta. Tugtar sampla in [Iarscríbhinn 11](#).
- Cur i láthair grúpa agus Léargais a roinnt: Ag deireadh gach gníomhaíochta, baileoidh na daltaí le chéile chun a n-eispéiris a phlé agus an méid a d'fhoghlaim siad le linn an cheachta a roinnt. Éascóidh an múinteoir an plé, spreagfar na daltaí chun seal a chaitheamh ag labhairt agus ag éisteacht go gníomhach leis na daltaí eile sa rang.
- Ag deireadh gach gníomhaíochta, úsáidfí na daltaí an modh leis na hordóga "ordóga in airde, ordóga thíos" chun a leibhéal tuiscana a chur in iúl. Ardóidh siad a n-ordóga má bhraitheann siad muiníneach faoin gceacht agus ordóga thíos má theastaíonn tuilleadh soiléirithe nó cúnaimh uathu.

Barúlacha an mhúinteora

Tar éis an Cás Foghlama seo a chur i bhfeidhm, mar chuid den tionscadal [Éiceolaíocht Foghlama ETIEM](#), ba léir go dtéann cur chuige réiteach dúlra bhunaithe i gcion go héifeachtach ar fhoghlaimeoirí 6-9 mbliana d'aois maidir le hathcheangal leis an dúlra agus le scileanna ETIEM a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí praiticiúla. Bhí an comhar leis na páirtithe leasmhara ríthábhachtach chun tacaíocht agus treoir a chur ar fáil do na daltaí feadh a gconairí foghlama. Trí ghairmithe ardcháilithe a bheith páirteach mar chomhúdar ar an bpróiseas teagaisc agus foghlama, saibhríodh eispéireas na ndaltaí le heolas eolaíoch luachmhar agus le hacmhainní breise.

Trí ghníomhaíochtaí a dhearadh bunaithe ar mhórchéistean spreagadh fiosracht agus cuspóir i measc na ndaltaí, rud a chuir lena bhfócas le linn an phróisis foghlama. Bhain tairbhe le hionchorprú réiteach dúlra bhunaithe, toisc gur thug sé comhfhiús comhshaoil agus scileanna smaointeoireachta criticiúla do na daltaí.

Mar thoradh ar rannpháirtíocht ghníomhach in iniúchadh, breathnóireacht, réasúnaíocht agus ceistiú bhí torthaí dearfacha ann, mar is léir ó fheidhmíocht, smaointe agus torthaí na

ndaltaí. Ar an iomlán, ba gheall le cur i bhfeidhm an cheachta seo go mbainfí amach a chuspóirí maidir le scileanna ETIM a fhorbairt, fiosracht, smaointeoireacht chriticiúil agus comhfhios comhshaoil a chothú i measc foghlaimeoirí óga.

Iarscríbhinn 1

Pictiúir ó chéimeanna na gníomhaíochta ar a dtugtar "Réamhrá ar Choincheapa Comhshaoil: An Dúlra Aitheanta", céim amháin "Taispeántas Dúlra" agus céim eile "Colláisi".



Iarscríbhinn 2

Ábhair a úsáidtear i rith na céime "An Dúlra Aitheanta" den ghníomhaíocht "Réamhrá ar Choincheapa Comhshaoil". Chruthaigh múinteoir/údar an chás foghlama seo na hábhair, ag úsáid uirlisí deartha grafaicí ar líne (e.g. Canva).

Key Concepts: Habitat

What is a habitat?

"A habitat is a home, like a special place where animals and plants live. It has everything they need to survive."

There are many different types of habitat...
 hot or cold
 big or small
 on land or in water

Forest:

Characteristics:

Trees: Big, tall, and lots of them close together.

Animals: Birds flying around, squirrels in the trees, deer, bear, wolf

Desert:

Characteristics:

Sand: Lots and lots of hot sand.

Plants: Some pointy plants like cacti.

Animals: Animals that like hot weather, like camels and lizards.

Ocean:

Characteristics:

Water: Big, big oceans with lots of water.

Reefs: Colorful coral reefs with fish swimming around.

Animals: Fish of all shapes and sizes, big animals like whales.

Grassland:

Characteristics:

Grass: Lots and lots of grass, not many trees.

Animals: Zebras with stripes and lions that like to roar...

Wetland:

Characteristics:


Wet Areas: Places with lots of water and mud.

Plants: Tall plants that like water, like cattails.

Animals: Ducks swimming, frogs hopping, dragonflies.

Key Concepts: Habitat

Habitats





Template: Habitatat
To be printed on A3 paper size.



Photos for the Land Habitat Collage





Template: Land Habitat

To be printed on A3 paper size.

Photos for the Land Habitat Collage



Photos for the Land Habitat Collage



Iarscríbhinn 3

Síscéal an Fómhair, I mBéaloideas na Rómáine "Legendele toamnei" sa Rómáinis

Fadó, fadó, na cianta cairbreacha ó shin, bhí an domhan á rialú ag sióga an dúlra. Bhídís ag fánaíocht, cead a gcinn acu agus mhair siad i dteannta a chéile go sona sásta. Ina measc bhí cónaí ar Athair na Séasúr in éineacht lena cheathrar iníonacha: Earrach, Samhradh, Fómhar, agus Geimhreadh. Ag gach aon duine acu bhíodh áilleacht ar leith, agus grá mór ag a n-athair dóibh. Bhíodh bua ar leith ag gach séasúr: thug Earrach leis bláthanna agus rogha mór dathanna, thug Samhradh leis barra flúirseacha agus lúcháir an domhain, thug Fómhar leis barra blasta agus dathanna pastalacha, agus thug Geimhreadh leis scal bán agus ciúnas glan.

Ag an am ceart, d'fhógair Clog mór an Ama, a rialaigh an réimse sin, go raibh sé in am don tríú hiníon tús a chur lena turas go dtí na tailte a raibh daoine ina gcónaí iontu. Bhí sí chun bronntanais iomadúla a thabhairt chucu, nithe a bhí ullmhaithe aici roimh ré: dathanna séimhe geala ón bPéintéir Draíochta, bláthanna leochaileacha cumhra ó Bhláthadóir na Ríochta, báisteach mhín ó Phantrach na Spéire, fómhar fairsing ón bPríomh-Gharraíodóir, agus go leor, seoda eile.

Mar sin féin, ní raibh Fómhar sásta go hiomlán; ba mhian léi rud éigin eile, rud éigin chun í a dhéanamh níos áille fós agus a mbeadh an-tóir ag daoine air.

"Ach tá tú iontach mar atá tú," a dúirt an t-athair, "cad eile ba mhian leat?" "Ba mhian liom," ar sise agus í ag déanamh a machnaimh, "go soilseodh an Ghrian ormsa amháin."

"Ach ní féidir é sin a dhéanamh," a d'fhreagair sé, "is í an Ghrian do chara agus cara do dheirfiúracha. Gabhann a solas luachmhar le gach duine agaibh ar bhur n-aistear."

"Ach ba mhaith liom guragam féin amháin an Ghrian, i ndáiríre... Ba mhaith liom go mba mise an Ghrian."

"Cén cineál smaoinimh é sin?" a d'fhiafraigh Athair na Séasúr di agus iontas air. "Mhínigh mé go dtagann d'áilleacht ó na baill éadaigh speisialta a chaitheann tú agus ó na buanna go léir a bronnadh ort. Mura dteastaíonn uait m'iarraidh a dheonú agus an Ghrian a bhronnadh orm mar a dúirt mé leat, ní rachaidh mé ar an aistear i mbliana dá bhrí sin. Agus is cuma liom cad a cheapfaidh daoine."

Ar fheiceáil dó go raibh a iníon ceanndána ina cinneadh, ghlac an t-athair am dó féin chun a mhachnamh a dhéanamh. Bhí a iníon tar éis éirí uaibhreach agus bhí sí an-tiomanta dá cuid mianta. Tar éis tamaill, ghlaoigh sé uirthi agus dúirt:




"Má fhágann tú ag an am ceart, nuair a fhillfidh tú, déanfaidh mé tú a ghléasadh sa bhall éadaigh is áille dá bhfaca tú riamh. Is ball éadaigh é atá neamhchosúil le haon cheann eile ar domhan. Ach níl ach jab amháin le déanamh agat: na gathanna gréine go léir a bhailiú i do chiseán. Agus nuair a bhaileoidh tú iad go léir, beidh tú ag lonrú níos áille ná mar a bhí riamh mar go mbeidh tú cóirithe i mball éadaigh na Gréine."

Ó shin i leith, gach bliain, déanann Fómhar iarracht an oiread gathanna gréine agus is féidir a bhailiú chun an ball éadaigh iontach sin a fháil óna hathair. Mar sin féin, is minic a chúláíonn an Ghrian taobh thiar de na scamail, i bhfolach i measc na gcrann, i measc a gcuid géag agus duilleog, i measc bláthanna, ritheann sí níos tapúla ná an ghaoth, agus ní ghabhtar go héasca í. Is dóibh siúd atá umhal amháin a cuid gathanna, agus is dóibh siúd amháin nach bhfuil sé de dhánaíocht iontu a chreidiúint gurb iad féin an Ghrian atá a háilleacht.

Iarscríbhinn 4

Teimpléad "Tóraíocht Datha Duilleog". Chruthaigh múinteoir/údar an chás foghlama seo an teimpléad, ag úsáid uirlísí grafacha agus deartha ar line (e.g. Canva).

Leaf Colour Hunt



Iarscríbhinn 5

Sampla de struchtúr den chéim “Seisiún Aireachais: Ag nascadh leis an dúlra” den ghníomhaíocht “Bleachtairí Séasúr: An Fómhar”. Chruthaigh múinteoir/údar an chás foghlama seo an struchtúr seo, ag úsáid uirlisí deartha grafaicí ar líne (e.g. Canva).


Mindfulness Session Instruction, Well being

SESSION STRUCTURE

1. WELCOME SONG, WARM UP
2. YOGA POSES AND STORIES
3. GAMES
4. TIME FOR SILENCE. RELAXATION



1. Don't stick to your plan, flow with the energy of the kids, be sensitive to their needs and times and be open to modify or change your plan to accommodate it to their moods.
2. Don't force kids to participate. They will join when they are ready or just simply sit and watch so they will reproduce the same session at home at their own pace.
3. Bond with each kid in a personal way.
4. Be patient with them, become their friend by demonstrating your emotions.
5. Kids need structure as well as freedom.



Yoga is an ancient science that helps to create health and well-being by building awareness, strength and flexibility in both mind and body. Yoga postures, or Asanas, are practiced by people of all ages.

WHY FOR KIDS?

Yoga is a fun way for children to develop important skills in a supportive, non-competitive environment. Even at a young age, children often feel pressure at school socially as well as academically, in addition to the pressure of competitive organized sports. It is easy for girls and boys to become overly self-critical and lose confidence in themselves as they grow and change. There is no judgment in a yoga class and kids gain self-esteem and confidence.



Begin by explaining what yoga is...

Yoga is a very ancient science that helps us to develop flexibility and strenght in our bodies, and happiness and peacefulness in our mind.

In Yoga, there is a pose for everything in the world, whether it is an animal, a tree, or an airplane, and we can do it with our body. Thousands of years ago, the ancient yogis lived in the forest, the mountains, and the caves of India. They observed their environment, and saw how animals and nature move in perfect harmony. They imitated the movements of animals, the trees, the mountains, and even the movements of the stars, and created a wonderful technique that is called Yoga.

Yoga is a way to exercise our bodies. our breath, and our minds all at the same time. Yoga makes you feel great and connect you with Nature.

Opening Mindful Breathing:

- As you lie down, let's start with a few deep breaths. Inhale deeply, feeling your chest and abdomen expand, and exhale slowly, releasing any tension. Close your eyes to enhance the focus on your breath.

Grounding in the Present:

- Turn your attention to the sounds around you—the rustling of leaves, distant bird calls, or any gentle breeze. Feel the connection between your body and the Earth beneath you. Touch the ground with your hands as you deepen this awareness.

Observing Nature:

- With your eyes closed, visualize the autumn surroundings. Picture the vibrant colors of the leaves, the shapes of the trees, and the interplay of light and shadow.

Mindful Walking Sensation:

- Transition into a mindful walking sensation while lying on your mats. Mentally sense the lifting and placing of your imaginary feet, feeling the changing textures beneath you.

Autumn Sensations:

- Pause at a point of interest in your imaginary walk. Explore sensations with your senses—mentally feeling the texture of a leaf, listening to the sounds of nature, and imagining the scents carried by the autumn breeze.

Gratitude Reflection:

- Reflect on gratitude for something in nature that brings you joy during the autumn season. Hold this feeling in your heart as you continue lying on your mat.

Closing Mindful Breathing:

- Bring your awareness back to the present. Inhale deeply, appreciating the connection between your breath and the natural world. Exhale slowly, carrying this awareness with you.



Cuireann an teagascóir ióga treoracha ar fáil. Sa chás nach bhfuil aon teagascóir ióga ann is féidir leis an múinteoir an struchtúr seo a úsáid ina ionad.

Iarscríbhinn 6**Teimpléad flóra agus fána**


Chuir painéal eolaíochta Pháirc Náisiúnta Buila Vanturarita grianghraif a úsáideadh sa ghníomhaíocht seo ar fáil. Seo teimpléad thíos.

Cuir grianghraif de speicis éagsúla bláthanna i ngach ceann de na cearnóga thíos.

Cuir grianghraif de speicis éagsúla ainmhithe i ngach ceann de na cearnóga thíos.

Iarscríbhinn 7

Cluiche Boird cruthaithe ag múinteoir/údar an chás foghlama seo, ag baint úsáid as uirlisí deartha grafacha ar líne (e.g. Canva).



QUESTIONS.FRONTSIDE OF CASE CARDS

What is a NATURA
2000 site?

Why a dormouse is
special?

A species of snake
not very friendly.

What is interesting
related to the fur of
Rupicapra rupicapra?

What is a Lilium
martagon?

Who are considered
social insects?

What is interesting
about the nightjar?

What is interesting
about the pine tree?

What is Biodiversity!

ANSWERS.BACKSIDE OF CASE CARDS

A NATURA 2000 site is like a special nature area where animals and plants are protected so they can stay safe and healthy. It's a bit like their home, but with extra rules to make sure everyone can live there happily.

The dormouse is the only species of rodent in the world that hibernates.

Vipera berus

The color of the fur is reddish-brown in the summer and dark brown in the winter.

it is a rare flower, protected by law.
The flowers typically range in color from pink to purple, with dark spots or freckles.

Ants and bees




The nightjar brings food to its babies 380 times a day.

The pine tree is one of the most cold-adapted plants, able to withstand temperatures as low as -40°C.

Biodiversity is like having a big family of plants, animals, and other living things in a neighborhood. Just like you have different friends with different talents and hobbies, biodiversity means there are lots of different plants and animals living together in nature.

Iarscríbhinn 8

Teimpléad lorg ainmhithe a aithint, a chruthaigh múinteoir/údar an chás foghlama seo, ag baint úsáid as uirlisí deartha grafaice ar líne (e.g. Canva).

Recognize the tracks!


Iarscríbhinn 9**Físeán den turas allamuigh**

Eagraíodh an turas allamuigh mar chuid den tionscnamh um Éiceolaíocht Foghlama ETIEM agus é mar aidhm aige bithéagsúlacht áitiúil Pháirc Náisiúnta Buila Vânturarița (an Rómáin) agus réitigh dúlrbhuanaithe sonracha a iniúchadh. Bhí deis ag na daltaí breathnú ar fhiadhúlra ina ngnáthóg nádúrtha, loirg ainmhithe a aithint, agus foghlaim faoi oiriúnuithe uathúla plandaí agus ainmhithe sa pháirc. D'aimsigh siad freisin an chaoi a gcuireann réitigh dhúlrbhuanaithe, amhail athchóiriú gnáthóg agus bainistíocht inbhuanaithe talún le caomhnú an chomhshaoil. Eagraíodh an ghníomhaíocht i gcomhar le saineolaithe ó Pháirc Náisiúnta Buila Vânturarița (an Rómáin), le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus chuir riarachán na páirce áitiúla ábhair eolais agus tacaíocht ar fáil. Déantar na gníomhaíochtaí iomlána a dhoiciméadú sa Chás Foghlama seo.

Féadfar breathnú ar fhorléargas gairid ar an turas allamuigh anseo: <https://www.youtube.com/watch?v=FyT2uGLBBCo>

Iarscríbhinn 10**Tráth na gCeist****Ceist 1: Cad is ciall le "bithéagsúlacht"?**

- A) Cineálacha éagsúla ainmhithe agus plandaí
- B) Dath na spéire
- C) Líon na mbréagán atá agat
- D) Líon na gcairde atá agat

Ceist 2: Cé acu seo NACH bhfuil go maith don dúlra?

- A) Bruscar a bhailiú
- B) Bláthanna a chur
- C) Bruscar a chaitheamh ar an talamh
- D) Uisce a thabhairt do phlandaí

Ceist 3: Cad is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú le hainmhithe?

- A) Milseáin a thabhairt dóibh
- B) Bruscar a fhágáil san áit ina gcónaíonn siad
- C) Crainn agus bláthanna a chur
- D) Iad a scanrú amach as an áit

Ceist 4: Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach aire a thabhairt don dúlra?

- A) Mar go bhfuil sé go deas le breathnú air
- B) Mar go dteastaíonn áit chónaithe ó na hainmhithe
- C) Mar go bhfuil craic mhaith ann a bheith ag spraoi lasmuigh
- D) Mar go ndéanann sé an t-aer glan

Ceist 5: Cad is féidir leat a dhéanamh le bheith i do chúntóir leis an dúlra?

- A) Bréagáin a fhágáil lasmuigh
- B) Bruscar a phiocadh suas nuair a fheiceann tú é
- C) Torainn arda a dhéanamh sa pháirc
- D) Seasamh ar bhláthanna


Iarscríbhinn 11

Bileog Aiseolais. Chruthaigh múinteoir/údar an chás foghlama seo an t-ábhar seo, ag baint úsáid as uirlisí deartha grafaicí ar líne (e.g. Canva).

TELL ME YOUR OPINION!

WE WANT YOUR 
FEEDBACK

Did you enjoy the activity?




Yes




No

Was the lesson engaging?



Yes



No

How many stars would you
give the activity?



Please indicate what you would like explained
again by drawing it.